4.4	Forbairt a dhéanamh i gcomhar le gníomhaireachtaí eile (FSS, paraimhíochaineoirí T&É, Seirbhísí Dóiteáin) agus comhpháirtithe deonacha agus pobail (scoileanna, seirbhísí don aos óg, IFA) ar chláir agus ar thionscnaimh sábháilteachta ar bhóithre áitiúla dírithe ar ghrúpaí ar leith: leanaí; coisithe; rothaithe; gluaisrothaithe agus tiománaithe óga nuacheadúnaithe. Ar shamplaí de na gníomhaíochtaí seo áirítear: oideachas tiománaí, taispeántais, cainteanna, seaicéid fhrithchaitheacha a leithdháileadh agus tionscnaimh iompair i gceantair uirbeacha agus tuaithe.	AGS CCCL, FSS PPN	Sprioc-chumarsáid maidir le príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta ar bhóithre. Straitéisí feabhsaithe maidir le sábháilteacht ar bhóithre a bheith ann.
4.5	Tacú le hathruithe ar reachtaíocht / fodhlíthe le déileáil le ceisteanna ar leith – carabid aonaráin ar na bóithre, capaill ar strae, uaireanta oscailte agus dúnta a bheith céimnthe do thithe tabhairne agus do chlubanna i ngeilleagar na hoíche – agus úsáid teicneolaíochta níos fearr a cheadú (m.sh., córas uathaitheanta uimhirphlátaí) a chuirfeadh feabhas ar fhorfheidhmiú agus ar shábháilteacht ar bhóithre.	CCCL/AGS	Fodhlíthe nua a bheith ann. Laghdú ar theagmhais. Feabhas ar fhorfheidhmiú.
4.6	Limistéir ina mbíonn fadhbanna le brú tráchta agus le páirceáil neamhdhleathach agus na príomhthosca a bhaineann leis seo a aithint (m.sh., trácht scoile / oibre; drochdhearadh ar bhóthar; easpa acmhainne páirceála i limistéir mhiondíola, ag scoileanna, traenáil, ionaid oibre; drochshoilsiú / dearóiliú).	CCCL	Bonn faisnéise níos fearr le haghaidh a thabhairt ar na tosca a bhaineann le brú tráchta agus páirceáil neamhdhleathach.
4.7	Plean Gníomhaíochta a fhorbairt le forfheidhmiú a neartú agus tacú le tionscnaimh áitiúla le fadhbanna páirceála neamhdhleathach agus brú tráchta a laghdú. Ba chóir go n-	CCCL/AGS	Feabhas ar fheasacht phoiblí. Tionscnaimh áitiúla le laghdú a dhéanamh ar bhrú tráchta agus páirceáil

	madraí agus capaill a smachtú agus moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíocht le feabhas a chur ar an scéal – m.sh., forfheidhmiú níos láidre, athruithe ar fhodhlíthe, tionscnaimh nua, ionadaíocht agus cláir cchomhoibríoch leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM).		Moltaí maidir le céimeanna le smacht ar chapaill agus ar mhadraí a neartú.
4.	**Téama Straitéiseach 4: An stuth tráchta agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú**		
4.1	Anailís ar shonraí timpiste agus ar bhonn ráithiúil agus bliantúil le limistéir agus cúiseanna a aithint maidir le rátaí arda timpistí, fiosrúcháin agus bás.	AGS	Sonraí le straitéisí a chur ar an eolas agus gníomhaíocht ar thrácht agus ar shábháilteacht ar bhóithre.
4.2	Sonraí ar thimpistí a úsáid le Plean Gníomhaíochta a fhorbairt ag sonrú na gcéimeanna tosaíochta maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar a n-áirítear: gníomhaíochtaí le haghaidh a thabhairt ar thosca fisiciúla a bhaineann le rátaí arda timpistí; comharthaíocht a fheabhsú (comharthaí bóthair agus amharc-chóirais teachtaireachta) in áiteanna a bhfuil baol níos aired ag baint leo (m.sh., ag dul isteach i sráidbhaile, mórthimpeall scoileanna, an bealach isteach chuig ceantair chónaithe, droch-chasadh); cur chuige maidir le díspreagadh a neartú (ceamairí luais, GPS ag rianú tiomána, uathaithint uimhirphlátaí, seiceáil luais); céimeanna maolaithe tráchta (rampaí mhaoillithe); 'Dlí Jake' maidir le rialú luais a thabhairt isteach in eastáit tithíochta áitiúla; agus forfheidhmiú.	AGS / CCCL CCP	Moltaí Sábháilteachta ar Bhóithre maidir le cur chuige, feidhmiú, monatóireacht leanúnach. Sábháilteacht ar bhóithre feabhsaithe.
4.3	(m.sh., criosanna sábhála, tuirse an tiománaí) teachtaireacht le Plean Gníomhaíochta a fhorbairt d'fheachtas sábháilteachta ar bhóithre áitiúil. Beidh seo nasctha le príomhtheachtaireachtaí ó fheachtais náisiúnta.	AGS ag nascadh le feachtais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre	Feabhas ar fheasacht phoiblí ar na príomhthosca a bhaineann le timpistí.

	gníomhaireachtaí (FSS; BOOCL, coláistí) agus eagraíochtaí deonacha le feasacht phoiblí a chur chun cinn ar threochtaí reatha agus drochthionchar úsáid drugaí ar dhaoine indibhidiúla, ar theaghlaigh agus ar phobail. Cur chun cinn áitiúil a nascadh le feachtais náisiúnta. Comhoibriú ar oideachas ar dhrugaí a chur chun cinn ag díriú ar thuismitheoirí agus ar dhaoine óga ach go háirithe, ag obair le scoileanna, coláistí seirbhísí don aos óg agus le grúpaí pobail agus deonacha.		
3.7	Grúpa ilghníomhaireachta a bhunú ina mbeadh gníomhaireachtaí poiblí agus comhpháirtithe pobail / deonacha le tuiscint a fháil sa CCP ar na fadhbanna reatha a bhaineann le mí-úsáid drugaí agus alcóil i Luimneach (féach 3.5); na tosca a bhaineann le húsáid achrannach drugaí; limistéir geografacha agus grúpaí a bhfuil an tionchar is measa orthu agus moltaí a fhorbairt le feabhas a chur ar an bhfreagra.	CCP (grúpa comhbhunaithe ag AGS/CCCL)	Tuiscint níos fearr ó dhearca ilghníomhaireachta ar cheisteanna drugaí i Luimneach. Straitéis fhreagartha feabhsaithe bunaithe ar chur chuige ilghníomhaireachta agus comhleantach, leis an bpobal rannpháirteach.
3.8	Anailís ar fhaisnéis ó CCCL, AGS agus ó fhoinsí eile (m.sh., eagraíochtaí pobail áitiúla, leas ainmhithe) le fadhbanna maidir le smacht ar mhadraí agus ar chapaill i limistéir / spásanna poiblí a aithint. Eolas a úsáid le feasacht phoiblí a fhorbairt ar smacht ar mhadraí agus ar chapaill mar cheist “sábháilteachta”.	CCCL (Comhshaol) AGS PPN	Bonn faisnéise feabhsaithe ar na fadhbanna. Feasacht phoiblí maidir le smacht ar chapaill agus ar mhadraí feabhsaithe.
TÉAMA STRAITÉISEACH	**ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ**	**PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHT** **PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE**	**TORTHAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO 2017-2021**
3.9	Athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcéimeanna atá ann le	CCCL/AGS	Anailís ar phríomhcheisteanna.

	Breisoideachais agus Oiliúna, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus eagraíochtaí pobail agus deonacha le bealaí a chur chun cinn ó thionscadail GYD d'idirthréimhse rathúil chuig aosacht.	PPN	dearfacha a sholáthar do dhaoine óga san idirthrémhse chuig aosacht.
3.4	Anailís a dhéanamh ar choireacht agus ar shonraí eile in AGS (m.sh. orduithe maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta) agus faisnéis i CCCL (gearáin, dumbáil dramhaíola) d'fhonn limistéir agus pobail áitiúla a aithint ina bhfuil iompraíocht fhrithshóisialta ina fadhb go rialta. Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige reatha CCCL, ag obair le AGS agus leis an bpobal, le freagairt d'fhadhb iompraíochta fhrithshóisialta. Cur chuige a aithint a léiríonn rath agus múnlaí a oibríonn.	AGS CCCL (Comhshaol / Tithíocht / Sóisialta)	Eolas níos fearr ar phatrúin iompraíochta fhrithshóisialta. Tuiscint agus eolas níos fearr ar chur chuige ar éirigh leo maidir le déileáil le hiompraíocht fhrithshóisialta.
3.5	Tacú le pobail freagraí ar iompraíocht fhrithshóisialta a fhorbairt agus múnlaí ar éirigh leo a chur i bhfeidhm i bpobail a bhfuil tionchar ag iompraíocht fhrithshóisialta orthu.	CCCL/AGS PPN	Feabhas ar fhreagra ar fhadhbanna iompraíochta fhrithshóisialta i bpobail áitiúla.
TÉAMA STRAITÉISEACH	**ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ**	**PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHT** **PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE**	**TORTHAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO 2017-2021**
3.6	Anailís ar shonraí ó AGS ar chionta drugaí agus ó sheirbhísí eile le mapáil a dhéanamh ar threochtaí i gcoireacht a bhaineann le drugaí agus úsáid drugaí. I gcomhoibriú leis an Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach, athbhreithniú a dhéanamh ar chlúdach agus rannpháirtíocht in oideachas ar dhrugaí, tionscnaimh choisctheacha agus seirbhísí athshlánaithe. Comhoibriú leis an Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach, le	AGS Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Iarthair Láir, Fóram Drugaí agus Alcóil, FSS PPN	Faisnéis fheabhsaithe agus feasacht phoiblí ar threochtaí drugaí agus drochthionchar úsáid drugaí. Feabhas ar dheiseanna maidir le cur chuige comhleanúnach i measc na bpríomhghníomhaireachtaí agus seirbhísí.

2.7	Comhoibriú le comhpháirtithe eile – institiúidí oideachais, sláinte, airgeadais – ar phríomhtheachtaireachtaí don phobal i gcoitinne agus spriocghrúpaí (leanaí, daoine óga, mná, fir) maidir le sábháilteacht ar líne. Úsáid faisnéise i bhfeachtais múscailte feasachta agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn le cibearbhaol ar shábháilteacht a laghdú.	CCCL/AGS PPN BOOCL, Coláistí Tríú Leibhéal	Cumarsáid ar cibearbhaol ar shábháilteacht le sprioclucht éisteachta (scoileanna, coláistí, ionaid sláinte, institiúidí príobháideacha). Tuiscint níos fearr ar cibearbhaol maidir le sábháilteacht agus conas fanacht sábháilte ar líne.
3.	**Téama Straitéiseach 3: Oibriú le pobail le feabhas a chur ar chomhtháthú, ionchuimsiú sóisialta agus le laghdú a dhéanamh ar iompraíocht fhrithshóisialta**		
3.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar láthair agus ar chaighdeán na saoráidí pobail / sóisialta / caitheamh aimsire agus seirbhís atá ann do dhaoine óga. Bearnaí i soláthar a aithint agus saoráidí a fhéadfaí a úsáid i gceantair ina bhfuil easpa soláthair. Freagraí riachtanacha eile a aithint (m.sh., iompar, trealamh) le feabhas a chur ar rochtain ar shaoráidí agus seirbhísí.	CCCL, Seirbhísí d'Aos Óg Luimnigh / Foróige. PPN	Mapa de na saoráidí atá agus a fhéadfadh a bheith ann don aos óg agus don phobal.
TÉAMA STRAITÉISEACH	**ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ**	**PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHT** **PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE**	**TORTHAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO 2017-2021**
3.2	Tógáil acmhainne (oiliúint, faisnéis, comhairle) agus tacaíocht do phleanáil socheacnamaíoch áitiúil agus rochtain ar chistiú do shaoráidí agus do sheirbhísí, go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga.	CCCL, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla PPN	Feabhas ar acmhainn le saoráidí agus seirbhísí a fhorbairt agus a oibriú. Ionchur i bpleanna le feabhas a chur ar sholáthar saoráidí agus seirbhísí
3.3	Tionscadail an Gharda Síochána (GYD), spórt, clubanna agus gníomhaíochtaí cultúrtha. Comhoibriú le gníomhaireachtaí ar a n-áirítear coláistí	AGS, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla	Feabhas ar rannpháirtíocht dhearfach le daoine óga i mbaol an dlí a shárú. Cur chuige comhtháite maidir le roghanna

2.4	Athbhreithniú ar thaithí ghrúpaí is mó atá i mbaol nó atá níos leochailí ó thaobh na coireachta de: daoine gan dídean, pobail na gcultúr nua agus grúpaí eitneacha, daoine LADT, seandaoine agus teaghlaigh iargúlta faoin tuath. Tógáil ar fheasacht an phobail ar na grúpaí atá leochaileach ó thaobh na coireachta de. Forbairt a dhéanamh ar mholtaí / pleananna freagartha maidir le cosc a chur ar choireacht le sábháilteacht na ngrúpaí leochaileacha a fheabhsú.	AGS agus CCCL PPN (eagraíochtaí deonacha iomchuí)	Tuiscint níos fearr ar thionchar na coireachta ar ghrúpaí leochaileacha. Ionchur chuig pleananna freagartha le coireacht in aghaidh ghrúpaí leochaileacha a chosc. Moltaí do ghníomhaireachtaí iomchuí ar conas feabhas a chur ar chomhordú seirbhísí do ghrúpaí leochaileacha.
TÉAMA STRAITÉISEACH	**ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ**	**PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHT** **PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE**	**TORTHAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO 2017-2021**
2.5	An Bhratach Chorcra a chur i bhfeidhm do Chathair Luimnigh, agus monatóireacht a dhéanamh maidir le caighdeán sábháilteachta gheilleagar na hoíche sa chathair. Tuarascáil thréimhsiúil don CCP ar na caighdeáin a baineadh amach, ar réimsí a fhéadfaí a fheabhsú agus ar ghníomhaíochtaí a mholtar. Cur chun cinn a dhéanamh ar uirlis mheasúnaithe na Brataí Corcra agus monatóireacht ar shábháilteacht gheilleagair oíche a leathnú chuig Bailte an Chontae.	AGS agus CCCL Comhlachas Luimnigh Líonraí miondíola agus gnó Cathrach agus Contae	Feabhas a chur ar mheasúnú, monatóireacht agus ar ghníomhaíocht maidir le sábháilteacht istoíche i lár na cathrach. Feabhas ar eacnamaíocht ghnó. Méadú ar líon na gcustaiméirí i lár na cathrach istoíche. Measúnú sábháilteachta agus monatóireacht ar shábháilteacht istoíche i bpríomhbhailte an Chontae.
2.6	Comhoibriú idirghníomhaireachta (CCCL, AGS, FSS) i bpleanáil éigeandála (m.sh., i gcás drochaimsire, éigeandálaí eile) agus bainistiú imeachtaí ar scála mór. Ionchur a fháil ó phobail áitiúla ar thosaíochtaí agus rannpháirtíocht i bpleanáil agus i bpráinnfhreagairt, mar is cuí.	CCCL, AGS, FSS PPN	Feabhas ar phráinnfhreagairt. Rátaí ísle droch-theagmhais le linn imeachtaí ar scála mór agus freagairt éifeachtach ar theagmhais Sástacht an phobail le freagra.

2.	Téama Straitéiseach 2: Feabhas a chur ar ról na bpobal áitiúil maidir le cosc ar an gcoireacht agus freagairt di		
2.1	Mapáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar láithreacha agus éifeacht na scéimeanna CCTV atá i gCathair agus i gContae Luimnigh ar a n-áirítear clúdach, cothabháil, teicneolaíocht agus costais. Straitéis do CCTV a ullmhú.	CCCL (Straitéis Digiteach) AGS	Sonraí feabhsaithe ar scéimeanna agus úsáid éifeachtach as teicneolaíocht i gcosc a chur ar an gcoireacht.
TÉAMA STRAITÉISEACH	**ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ**	**PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHT** **PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE**	**TORTHAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO 2017-2021**
2.2	Tosaíochtaí agus acmhainn na scéimeanna atá ann a fheabhsú a aithint, mar chuid den straitéis CCTV, ar an n-áirítear nascadh le gnéithe eile den chosc ar an gcoireacht. Réimsí tosaíochta a aithint, múnlaí oiriúnacha agus foinsí na n-acmhainní le cur le CCTV i limistéir eile ar a n-áirítear na cúlchríocha.	CCP CCCL/AGS PPN	Faisnéis fheabhsaithe le freagraí cuimsitheacha a fhorbairt a dhéanann freastal ar riachtanais áitiúla.
2.3	Mapáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar láithreacha agus éifeachtúlacht na bhFoláireamh Téacs, Faire Comharsanachta agus tionscnaimh eile an phobail le cosc a chur ar choireacht i gceantair uirbeacha agus tuaithe. Múnlaí dea-chleachtais a aithint. Bearnaí i soláthar a aithint – go háirithe i mbailte, sráidbhailte agus faoin tuath i Luimneach. Pleananna freagartha a fhorbairt, cur le clúdach na scéimeanna pobail atá ann le cosc a chur ar choireacht agus tacú le scéimeanna nua a thabhairt isteach.	CCCL (Stiúrthóireacht Shóisialta) AGS PPN	Pleananna le feabhas a chur ar éifeachtúlacht maidir le cosc ar an gcoireacht agus clúdach geografach a mhéadú. Feabhas ar mhonatóireacht le tacú le póilíneacht éifeachtach agus le cosc a chur ar choireacht. Feabhas ar shábháilteacht an phobail.

TÉAMA STRAITÉISEACH	ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ	PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHT PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE	TORTHAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO 2017-2021
1.6	Aontú ar tháscairí maidir le cionta ar choireanna taifeadta (comhthiomsaithe ag an CSO ó PULSE) agus formáid(í) le sonraí ar choireacht áitiúil a chur i láthair lucht spéise éagsúil. Sonraí ábhartha eile a aithint (m.sh. coireacht fuatha, foréigean baile, cionta gnéasacha) go mbeadh póilíneacht éifeachtach. Sonraí ar choireacht áitiúil a ullmhú le húsáid i gcumarsáin an CCP leis an bpobal agus páirtithe leasmhara eile	CCCL (Straitéis Digiteach / Cumarsáid) AGS (Preas) CCCL/AGS CCP	Tuarascáil thréimhsiúil ar staitisticí coireachta ag leibhéil Rannáin, Forannáin agus Stáisiúin an Gharda Síochána. Mapáil ar phatrúin choireachta ar fud limistéir an údaráis áitiúil. Deis tionchar a bheith ar leithdháileadh acmhainní le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna coireachta agus póilíneachta. Úsáid sonraí i gCumarsáid CCP agus i gCumarsáid CCCL d'fhonn caighdeán na beatha i Luimneach a chur chun cinn
1.7	Ceisteanna áitiúla a aithint a thugann léirgeas ar choireacht agus na cúinsí a bhaineann léi: m.sh., dálaí socheacnamaíocha, taithí na bpobal agus na páirteanna den phobal ar choireacht níos forleithne, taithí íospartaigh na coireachta, eagla roimh an gcoireacht agus muinín as póilíneacht. Taighde a chríochnú le freagra a bheith ar an eolas (AGS/CCCL agus gníomhaireachtaí eile) agus í a chur i láthair mar chuid de Straitéis Chumarsáide an CCP nuair is cuí.	CCP CCCL / AGS / Gníomhaireachtaí eile / limistéar nó pobail leas-bhunaithe	Tuiscint níos fearr ar na cúiseanna atá le níos mó coireachta agus níos mó tacaíochta d'idirghabháil le haghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá le coireacht. Deis tionchar a bheith ar leithdháileadh acmhainní le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna. Deis tionchar a bheith ar fhreagraí ghníomhaireachtaí eile agus ar chomhoibriú idirghníomhaireachta. Feabhas a chur ar mhuinín as póilíneacht.
1.8	Comh-mhalartú sonraí a fhorbairt agus prótacail maidir le comhroinnt sonraí a fhorbairt idir na príomhpháirtithe leasmhara.	AGS CCCL	Deiseanna maidir le gníomhaíocht chomhleanúnach a fheabhsú.

GNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA

TÉAMA STRAITÉISEACH	ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ	PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHT PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE	TORTHAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO 2017-2021
1.	**Téama Straitéiseach 1: Rialachas agus cumarsáid a fheabhsú le tacaíocht fhaisnéise agus úsáid éifeachtach a bhaint as sonraí**		
1.1	Grúpa Oibre den CCP a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Straitéis & Creatlach Oibre Bliantúil an CCP Déanfaidh an Grúpa Oibre monatóireacht ar ionadaíocht agus éagsúlacht an lucht leasa a bheadh rannpháirteach in obair an CCP	CCCL (Baill Fheidhmiúcháin & Thofa), AGS, Baill an Oireachtais & PPN	Grúpa Oibre bunaithe & ag feidhmiú Éagsúlacht luch leasa rannpháirteach in obair an CCP
1.2	Fochoistí geografacha an CCP a bhunú le teacht le comhroinnt Cheantar Cathrach agus Bardasach CCCL	CCCL/AGS PPN	Struchtúr oibriúcháin Fhochoiste: FC Luimneach Uirbeach FC CU Áth Dara-Ráth Caola FC CU na Ceapaí Móire – Chill Mocheallóg FC CU An Chaisleáin Nua
1.3	Straitéis 2016-2021 an CCP a fhoilsiú i ndiaidh a faofa	CCP	Straitéis an CCP foilsithe agus scaipthe
1.4	Pleananna Oibre Bliantúla an CCP a ullmhú, a athbhreithniú agus tuairisciú ar dhul chun cinn maidir le forfheidhmiú	CCP	Pleananna Oibre Bliantúla Rollacha foilsithe Nuashonrú bliantúil ar Fhorfheidhmiú foilsithe
1.5	Straitéis Chumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don CCP ar a n-áirítear: úsáid a bhaint as cruinnithe poiblí, tuarascálacha tréimhsiúla, ardáin digiteacha agus comhroinnt freagrachta idir CCCL agus AGS	CCCL (Cumarsáid); AGS (Preas) CCCL (Straitéis Digiteach)	Straitéis Chumarsáide Tuarascálacha / nuashonrú cumarsáide tréimhsiúla eisithe (go Ráithiúil) Ardáin nua digiteacha do chumarsáid (na meáin shóisialta) ag feidhmiú

Seo a leanas na Cuspóirí faoi Théama Straitéiseach 4:

1. Sonraí ar thimpistí a thiomsú agus a úsáid le réimsí agus cúinsí a aithint a bhaineann le hardmhinicíocht timpistí, gortú agus bás agus gníomhú i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí ábhartha eile le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre.
2. Feasacht a chur chun cinn ar cheisteanna sábháilteachta ar bhóithre agus faisnéis agus comharthaíocht a fheabhsú don phobal i gcoitinne.
3. Céimeanna maolaithe tráchta a chur i bhfeidhm in áiteanna ina bhfuil baol (in aice le scoileanna, ag teacht isteach i sráidbhailte, in áiteanna ina bhfuil "baill dhubha", in eastáit tithíochta áitiúla) le baol timpiste a laghdú agus feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre.
4. Cláir agus tionscnaimh sábháilteachta ar bhóithre a fhorbairt dírithe ar ghrúpaí ar leithligh ar a n-áirítear leanaí agus daoine óga, coisithe, rothaithe, gluaisrothaithe agus tiománaithe óga nuacheadúnaithe.
5. Tacú le neartú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na ndlíthe (fodhlíthe) tráchta, le hathrú a dhéanamh ar reachtaíocht nuair is cuí agus ardteicneolaíocht a úsáid le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.
6. Feasacht a chur chun cinn maidir le páirceáil neamhdhleathach mar cheist sábháilteachta ar bhóithre, forfheidhmiú níos láidre ar thionscnaimh áitiúla le fadhb na páirceála neamhdhleathach agus brú tráchta a laghdú.

Ba chóir go mbeadh sonraí ar thimpistí agus ar bhás sna feachtais sábháilteachta ar bhóithre agus go ndéanfaí iad a úsáid go háitiúil i gcéimeanna coisctheachta. Is gá príomhtheachtaireachtaí ar shábháilteacht ar bhóithre a dhaingniú go leanúnach. Bheadh comhoibriú níos fear idir AGS, an t-údarás áitiúil agus pobail áitiúla ar mhaolú tráchta, céimeanna rialaithe luais, rabhaidh agus/comharthaíocht áiteanna ar "bhaill dhubha" iad oiriúnach. Tá VMS (Amharc-Chórais Teachtaireachta) an-éifeachtach le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Tá cainteanna agus taispeántais i scoileanna, coláistí agus ag imeachtaí pobail agus tionscnaimh eile, ar a n-áirítear oideachas tiománaí i scoileanna do dhaltaí sa tsraith shinsearach san idirbhliain oiriúnach. Chuirfeadh am dúnta éagsúil a bheith ag tithe tabhairne agus clubanna, rud a éileodh reachtaíocht / fodhlíthe, feabhas mór ar shábháilteacht gheilleagair na hoíche agus dhéanfaí an brú ar phríomheirbhísí (AGS, A&E) a laghdú. D'fhéadfadh am oscailte agus dúnta éagsúil a bheith ag scoileanna i gceantair uirbeacha laghdú a dhéanamh ar bhrú tráchta freisin ag an mbuaic-am. Tá gá le feabhas a chur ar bhealaí iompair freisin. Is ceist í páirceáil neamhdhleathach ar ghá aghaidh a thabhairt uirthi sna cathracha agus sna bailte – mar shampla, trí fheasacht a ardú, pleanáil agus dearadh agus na fodhlíthe atá ann a fhorfheidhmiú. Is cuid den fhreagra fadtéarmach é úsáid an chairr a laghdú agus Taisteal Níos Cliste (rothaíocht, siúl, iompar poiblí). Ba chóir go bhféachfaí ar na deiseanna le níos mó ardteicneolaíochta a úsáid agus sabháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar a n-áirítear stocaireacht go n-athrófaí an reachtaíocht le córais Ard-Uathaitheanta Uimhirphlátaí a úsáid.

3. Rochtain a chur chun cinn ar Thionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána do dhaoine óga a bheadh i mbaol an dlí a shárú, agus comhoibriú le gníomhaireachtaí lena chinntiú gur ann do bhealaí dá leithéid de thionscadail don aistriú foirfe chuig aosacht.
4. Cur chuige rathúil a aithint le hiompraíocht fhrithshóisialta a laghdú agus feasacht a chur chun cinn maidir lena leithéid de chur chuige i measc na bpobal a mbíonn tionchar aici orthu, nó atá imníoch faoi ionpraíocht fhrithshóisialta.
5. Feasacht an phobail a ardú maidir le treochtaí, agus drochthionchar mhí-úsáid drugaí d'fhonn an t-éileamh atá ar dhrugaí a laghdú.
6. Bunaithe ar chur chuige ilghníomhaireachta, feabhas a chur ar an bhfreagra ar fhadhbanna mí-úsáide drugaí agus alcóil.
7. Réimsí ina bhfuil fadhbanna a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir le gníomhú agus freagairt d'fhadhbanna a bhaineann le smacht ar mhadraí agus ar chapaill.

Tá easpa saoráidí do dhaoine óga i bpáirteanna den chathair agus den chontae agus, ag an am gcéanna, tá saoráidí i bpobail áitiúla atá tearúsáidte. Tá tionscadail Athstiúradh Óige an Gharda Síochána (GYD) sa chathair agus sa chontae éifeachtach maidir le daoine óga atá i mbaol an dlí a shárú a athstiúradh ó choireacht. Ba chóir go ndéanfaí nasc le seirbhísí leantacha do dhaoine óga ag fágáil GYD a neartú. Is fadhb í iompraíocht fhrithshóisialta sa chathair agus sa chontae, in eastáit údaráis áitiúil agus in eastáit phríobháideacha. Cé go bhfuil múnlaí maithe in áiteanna áirithe, d'fhéadfaí níos mó a dhéanamh le pobail a eagrú agus tacú leo le déileáil leis na ceisteanna seo. Maidir le mí-úsáid drugaí agus alcóil, tá sé tábhachtach go mbeadh nasc ag an CCP le hobair an Tascfhórsa Drugaí agus leis na seirbhísí a bhíonn ag déileáil le mí-úsáid drugaí agus níos mó feasachta a chur chun cinn ar na treochtaí reatha maidir leis an bhfadhb seo. Chomh maith le ceangal le scoileanna agus le seirbhísí don aos óg, d'fhéadfadh deis a bheith ann oibriú leis an PPN ar fheasacht a ardú agus ar oideachas maidir le drugaí. Tá smacht ar chapaill fós mar fhadhb ar leith i bpáirteanna den chathair. Cé gur ann do roinnt múnlaí maidir le tionscadail ar éirigh leo, is gá níos mó a dhéanamh. Tá fadhb ann le madraí nach mbíonn faoi smacht "lasmuigh de ghnáthuaireanta". Tá gá le cur chuige idirghníomhaireachta le déileáil leis an gceist seo.

2.2.5 Téama Straitéiseach 4: An stuth tráchta agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú

Tá réimsí atá le bheith faoi chaibidil aitheanta agus aghaidh tugtha orthu i dTéarma Straitéiseach 4 sa bhosca thíos:

- Úsáid a bhaint as sonraí ar thimpistí agus ar bhás d'fhonn feachtais sábháilteachta ar bhóithre agus gníomhaíochtaí coscaitheacha eile a chur ar an eolas
- Faisnéis agus comharthaíocht sábháilteacht ar na bóithre a chur chun cinn
- Feabhas a chur ar chéimeanna sábháilteachta ar bhóithre do ghrúpaí ar leithligh ar a n-áirítear leanaí agus daoine óga
- Feabhas a chur ar ar shábháilteacht do choisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe
- Comhoibriú ar chéimeanna maolaithe tráchta, "baill dhubha" timpiste a bhaint as agus luas a rialú
- Iompar le freastal ar gheilleagar na hoíche agus sábháilteacht ar na bóithre istoíche
- Páirceáil agus sábháilteacht ar bhóithre
- Ceisteanna áitiúla ar leithligh ar a n-áirítear carabid aonaráin agus capaill ar strae

4. Leanúint le comhoibriú idirghníomhaireachta a chur chun cinn i bpleanáil éigeandála agus i mbainistiú imeachtaí ar mhórscála agus comhoibriú a shíneadh chuig oibriú le pobail áitiúla i bpleanáil freagra.
5. Feasacht an phobail a ardú ar ghrúpaí atá leochaileach maidir le coireacht agus ar thionscnainmh le coisc a chur ar an gcoireacht agus ar fhreagairt don choireacht a mbíonn tionchar aici ar ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe (m.sh. daoine gan dídean, pobail chultúrtha nua, seandaoine, teaghlaigh iargúlta faoin tuath).
6. Feasacht a ardú ar an mbaol a bhaineann le bheith "ar líne", dírithe ar ghrúpaí mar leanaí agus tuismitheoirí, agus gníomhaíocht a chur chun cinn leis an mbaol a laghdú agus cibearshbháilteacht a fheabhsú.

Is gá soláthar monatóireachta CCTV a leathnú chuig cúlchríocha na cathrach agus chuig ceantair tuaithe. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na scéimeanna CCTV atá ann agus iad a athchóiriú nuair is cuí. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí CCTV a chomhtháthú le gnéithe eile den chosc ar an gcoireacht (dearadh dheireadh choireachta, soilsiú sráide, gníomhú ar láithreáin dhearóla) agus ceangal láidir idir chosc ar an gcoireacht agus póilíneacht phobail. Tá comhoibriú le pobail maidir le pleanáil, gníomhú agus cosc a chur ar an gcoireacht agus comh-mhalartú faisnéise riachtanach. Ar na grúpaí a bhfuil suim ar leith acu i dtionscnaimh a fhorbairt le cosc a chur ar an gcoireacht áirítear: gnólachtaí miondíola sa chathair agus i lár bhailte, campais oideachais tríú leibhéal, scoileanna, saoráidí spóirt ar mhórscála agus ionaid d'imeachtaí, feirmeacha agus ceantair iargúlta faoin tuath. Ba chóir go n-áireodh cosc a chur ar an gcoireacht agus freagra ar dhíriú ar ghrúpaí leochaileacha oibriú le híospartaigh na coireachta. Ba chóir go mbeadh sprioc-fheachtais áitiúla maidir le cosc ar an gcoireacht ceangailte le feachtais náisiúnta, d'fhonn na príomhtheachtaireachtaí ar fhanacht sábháilte a dhaingniú. Is tosaíochtaí eile iad feasacht a chruthú ar cibearbhaol ar shábháilteacht agus gníomhaíochtaí le fanacht sábháilte ar líne, don phobal i gcoitinne agus do ghrúpaí is mó atá i mbaol.

2.2.4 Téama Straitéiseach 3: Oibriú le pobail le feabhas a chur ar chomhtháthú, ionchuimsiú sóisialta agus le laghdú a dhéanamh ar iompraíocht fhrithshóisialta

Tá ceangal áirithe ag an téama seo le Téama Straitéiseach 2 thuas. Tá réimsí atá le bheith faoi chaibidil agus ar tugadh aghaidh orthu i dTéarma Straitéiseach 3 sa bhosca thíos:

- Saoráidí don aos óg agus don phobal i gceantair uirbeacha agus tuaithe
- Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus gníomhaíochtaí eile le daoine óga atá i mbaol a athstiúradh ón iompraíocht a sháraíonn an dlí
- Iompraíodh fhrithshóisialta: conas í a chosc agus conas freagairt di
- Mí-úsáid drugaí, mí-úsáid alcóil agus treochtaí a bhaineann le drugaí
- Smacht ar chapaill agus ar mhadraí

Seo a leanas na Cuspóirí faoi Théama Straitéiseach 3:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar an fáil atá ar, agus ar cháilíocht na saoráidí agus na seirbhísí do dhaoine óga agus don phobal agus na riachtanais agus na deiseanna le feabhas a chur ar an soláthar a aithint.
2. Tógáil ar acmhainn na gcomhpháirtithe pobail le saoráidí áitiúla a fhorbairt d'úsáid shóisialta agus caitheamh aimsire chun leasa na bpobal, go háirithe leanaí agus daoine óga.

Struchtúr rialachais agus cumarsáide an CCP a thiocfadh le roinnt an mhórcheantair uirbeach agus ceantair bhardasacha an údaráis áitiúil is mó a bheadh oiriúnach. Tagann seo freisin le struchtúr díláraithe Rannán an Gharda Síochána i Luimneach. Tá straitéis éifeachtach chumarsáide riachtanach do dhea-rialachas. Is féidir an straitéis chumarsáide a fhorbairt le nascadh leis na hardáin nua digiteacha, d'fhonn teacht ar an líon is leithne den phobal, chomh maith le bealaí traidisiúnta cumarsáide a úsáid (m.sh. cruinnithe poiblí). Tá sé riachtanach go mbeadh sonraí ar staitisticí coireachta iontaofa agus curtha i láthair an phobail go tréimhsiúil ar bhealaí a bhíonn áisiúil don úsáideoir. Is gníomh tábhachtach é prótacail a fhorbairt agus a aontú maidir le sonraí a thiomsú agus a chomhroinnt idir ghníomhaireachtaí poiblí. Ar na ceisteanna eile a fhéadfadh a bheith oiriúnach le hiniúchadh a dhéanamh orthu áirítear: Eagla roimh an gcoireacht, tuiscintí ar shábháilteacht an phobail, freagraí an phobail ar choireacht agus muinín as póilíneacht.

2.2.2 Téama Straitéiseach 2: Feabhas a chur ar ról na bpobal áitiúil maidir le cosc ar an gcoireacht agus freagairt di

Tá réimsí atá le bheith faoi chaibidil aitheanta agus aghaidh tugtha orthu i dTéarma Straitéiseach 2 sa bhosca thíos:

- CCTV: Athbhreithniú a dhéanamh ar chlúdach, monatóireacht agus cothabháil
- Pleanáil: "dearadh dheireadh choireachta"
- Modh measúnaithe "Brataí Corcra" agus freastal ar tháscairí maidir le sábháilteacht "gheilleagair na hoíche"
- Comhoibriú i bpleanáil éigeandála agus bainistiú imeachtaí ar mhórscála
- Cosc agus freagraí le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna coireachta i measc ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe
- Sprioc-fheachtais le feasacht agus sábháilteacht ghrúpaí a fheabhsú (leanaí, seandaoine, pobal na tuaithe) a bhíonn leochaileach maidir le cineálacha áirithe coireachta
- Feasacht ar cibearbhaol ar shábháilteacht agus gníomhaíochtaí le haghaidh a thabhairt ar cibearbhulaíocht

Seo a leanas na Cuspóirí faoi Théama Straitéiseach 2:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar chlúdach, monatóireacht agus cothabháil CCTV maidir le héifeacht agus éifeachtúlacht; fairsingiú agus forbairt a dhéanamh ar scéimeanna CCTV go háirithe gcúlchríocha na cathrach agus CCTV a nascadh le gnéithe eile den chosc ar an gcoireacht.
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht na dtionscnamh reatha ar chosc a chur ar an gcoireacht i measc an phobail ar a n-áirítear Foláireamh Téacs agus Faire Comharsanachta i Luimneach uirbeach agus tuaithe agus tacú le scéimeanna a fheabhsú agus le scéimeanna nua ag úsáid mhúnlaí dea-chleachtais.
3. Leanúint leis an múla Bratach Chorcra a úsáid do gheilleagar na hoíche, a bronnadh ar an gcathair le déanaí, monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht gheilleagair na hoíche bunaithe ar chaighdeán na Brataí Corcra agus an múnla a leathnú chuig na bailte móra i gContae Luimnigh.

sráidbhaile agus baile (*LECP 3.2 Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile, láithreacha straitéiseacha agus tionscadail chathrach).*

Struchtúir idirghníomhaireachta dírithe ar phóilíneacht, cosc a chur ar an gcoireacht agus sábháilteacht phobail atá ann cheana féin, ar a n-áirítear: Comhaontas Aoisbhá; an Coiste um Sheirbhísí do Leanaí agus d'Aos Óg Luimnigh; an Grúpa Comhairleach Straitéiseach agus Monatóireachta ar Athnuachan; na Coistí Áitiúla Athghiniúna agus Grúpa Idirghníomhaireachta na dTaistealaithe *(LECP 5.1).* Ar réimsí eile comhoibrithe An Garda Síochána, údaráis áitiúil agus idirghníomhaireachta níos leithne áirítear: an Clár Athlonnaithe, do Theaghlaigh na dTeifeach Siriach (faoin Oifig um Imeascadh Imirceach, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas) agus Pleanáil Éigeandála.

2.2 Na Ceisteanna, Téamaí agus Cuspóirí Straitéiseacha a bheith faoi Chaibidil

Tá an plean straitéiseach CCP bunaithe ar cheithre Théama Straitéiseach. Cuirtear iad sin i láthair thíos.

2.2.1 Téama Straitéiseach 1: Rialachas agus cumarsáid a fheabhsú le tacaíocht fhaisnéise agus úsáid éifeachtach a bhaint as sonraí

Tá réimsí atá le bheith faoi chaibidil aitheanta agus aghaidh tugtha orthu i dTéarma Straitéiseach 1 sa bhosca thíos:

- Clúdach geografach an CCP agus na struchtúir rialachais
- Ionadaíocht ag leasa éagsúla ar an CCP agus in obair an CCP
- Cumarsáid leis an bpobal ar choireacht agus ar phóilíneacht
- Faisnéis agus sonraí ar choireacht a ghiniúint, eagla roimh an gcoireacht agus cúinsí a bhaineann leis ar féidir (1) iad a roinnt ar pháirtithe leasmhara; agus (2) a chur in iúl don phobal.

Seo a leanas na Cuspóirí faoi Théama Straitéiseach 1:

1. Roinnt geografach ar rialachas an CCP a bheith ann leis an leibhéal is mó rannpháirtíochta ag páirtithe leasmhara, cumarsáid éifeachtach agus rialta a chinntiú agus, ag an am gcéanna, a bheith "i dteagmháil" leis na pobail áitiúla "ar an láthair".
2. Ionadaíocht réimse leathan lucht leasa a chinntiú maidir le struchtúr an CCP agus lucht leasa éagsúil in obair an CCP.
3. Straitéis chumarsáide a fhorbairt don CCP, a chruthaíonn caidreamh leis na príomhpháirtithe leasmhara agus a chuireann an pobal i gcoitinne ar an eolas maidir le coireacht agus póilíneacht.
4. Tacar de tháscairí a fhorbairt a sholáthraíonn bonn fianaise do thuiscint níos fearr, agus do thuairisciú ar, phatrúin choireachta, eagla roimh an gcoireacht agus cúinsí a bhaineann léi.
5. Nósanna imeachta a fhorbairt agus socruithe a dhéanamh maidir le sonraí a thiomsú agus a chomhroinnt ar phríomhpháirtithe leasmhara.

Figiúr 3: Straitéis Chomhtháite an LECP: Colúin agus Téamaí Comhghaolmhara



Tá an Téama Tosaíochta Póilíneachta agus Sábháilteachta an Phobail ag teacht le feidhmeanna an CCP:

"Tosaíocht 5: Póilíneacht agus Sábháilteacht an Phobail: *mar a mbíonn coireacht íseal, muinín as póilíneacht agus pobail shábháilte bunúsach maidir leis na coinníollacha a chruthú go mbeadh rath ar idirghabháil eacnamaíochta agus sóisialta agus do dhea-chaighdeán na beatha".*

Faoin Téama Póilíneachta agus Sábháilteachta an Phobail san LECP, tá fócas ar ghníomhaíocht choisctheach, ar ról na bpobal maidir le cosc a chur ar an gcoireacht (LECP 5.2), aghaidh a thabhairt ar tosca a bhaineann le baol coireachta níos airde (oideachas íseal, bochtaineacht, meabhairshláinte bocht, iompraíochtaí baolacha), iontaoibh a chothú i bpóilíneacht, muinín a chothú sna seirbhísí póilíneachta chomh maith le freagairt do choireacht agus d'iompraíocht a sháraíonn an dlí.

Díríonn gníomhaíochtaí faoin *gColún Sóisialta* agus *Rannpháirtíocht an Phobail, Caidreamh agus Tionscnaimh Áitiúla* an LECP freisin ar cheisteanna póilíneachta agus sábháilteachta an phobail. Áirítear orthu seo: Sábháilteacht agus slándáil sheandaoine (*LECP 2.3 Aosú Folláin / Cathair agus Contae Aoisbháúil);* idirghabháil do dhaoine óga atá i mbaol an dlí a shárú (*LECP 2.5 Leanaí, daoine óga agus teaghlaigh);* agus oibriú i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla *(LECP 4.1 Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) agus Comhpháirteachas Poiblí).*

Tá *Póilíneacht agus Sábháilteacht Phobail* ábhartha freisin maidir le gníomhaíochtaí faoin *gColún Fisiciúil / Comhshaoil* ar a n-áirítear : athnuachan lár na cathrach i Luimneach agus athnuachan

3. Córas Póilíneadchta Pobail An Garda Síochána (AGS).
4. Ceisteanna, téamaí straitéiseacha, cuspóirí agus gníomhaíochtaí an CCP, a ghníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile a bheith faoi chaibidil. Aithníodh iad seo ag cruinnithe den CCP (2016) agus ag fóraim eile – m.sh. ceangailte le pleananna údaráis áitiúil a ullmhú (m.sh. an LECP agus an Straitéis Forbartha Tuaithe), athbhreithniú ar na pleananna atá ann (m.sh. Plean Forfheidhmithe Chreata Athghiniúna Luimnigh). Tionóladh ceardlann le dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar a n-áirítear baill den CCP, ionadaithe foirne túslíne an AGS, CCCL, PPN i mí Eanáir 2017.

2.1 Ceangail le Cuspóirí agus Gníomhaícohtaí LECP Luimnigh

Ghlac an Chomhairle Le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Luimnigh 2016-2021 i mí Iúil 2016. Is é cuspóir foriomlán an LECP ná *"cur chun cinn a dhéanamh ar chaighdeán beatha feabhsaithe agus ar fholláine na ndaoine agus na bpobal i gCathair agus i gContae Luimnigh".* Tá naoi sprioc ardleibhéil ag an LECP. Tugtar spriocanna atá ábhartha d'fheidhmeanna an CCP thíos.

Spriocanna Ardleibhéil an LECP atá Ábhartha don CCP

Tá Sprioc 1 an-suntasach maidir le feidhmeanna an CCP, is é sin:

> Sprioc 1: pobail bheoga agus **sábháilte** a chur chun cinn le hardchaighdeán beatha, rochtain ar sheirbhísí maithe i Luimneach uirbeach agus tuaithe, a bheith páirteach sa saol poiblí agus i gcinnteoireacht áitiúil.

Seo a leanas Spriocanna eile a bhfuil baint acu le feidhmeanna an CCP:

> Sprioc 4: Laghdú a dhéanamh ar líon na ndaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, ionchuimsiú sóisialta agus eacnamaíochta a chur chun cinn agus laghdú a dhéanamh ar eágothroime shóisialta, dírithe ach go háirithe ar phobail agus ar ghrúpaí áitiúla i Luimneach atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus / nó i mbaol eisiata.
> Sprioc 5**:** Croílár láidir uirbeach, bailte rathúla, sráidbhailte agus tuath tarraingteach agus inbhuanaithe go sóisialta a chruthú...

Tá an LECP bunaithe ar chur chuige comhtháite bunaithe ar thrí cholún – *(1) Eacnamaíoch, (2) Sóisialta agus (3) Fisiciúil /Comhshaoil.* Tá taca curtha leis na trí cholún le ceithre théama comhghaolmhara ar a n-áirítear *Póilíneacht agus Sábháilteacht an Phobail.* Léirítear an cur chuige comhtháite agus na téamaí comhghaolmhara i bhFigiúr 3 thíos.

Figiúr: Rannán agus Dúichí an Gharda Síochána i Luimneach

1.3.1 Ballraíocht an CCP

Is é atá i CCP Luimnigh ná baill tofa Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (15), baill tofa an Oireachtais (5), ainmniúcháin An Gharda Síochána (AGS) (2); Oifigigh an Údaráis Áitiúil (2) agus ionadaithe an phobail (7) atá ainmnigh ag an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) don CCP. Is féidir le haon bhall den Oireachtas nach bhfuil ina bhall den CCP freastal ar chruinnithe gan réamhfhógra a thabhairt.

Tá ionadaithe ó na meáin i dteideal a bheith i láthair ag cruinnithe CCP. I gcásanna speisialta, nuair a bhíonn an CCP den tuairim go mbeadh sé inmhianta nach mbeadh baill den phobal agus ionadaithe ó na meáin i láthair ag cruinnithe nó páirt de chruinniú, is féidir leis an CCP cinneadh a dhéanamh cruinniú coiste a bheith ann.

1.3.2 Cruinnithe an CCP agus Cruinnithe Poiblí

Bíonn cruinnithe ag an CCP uair sa ráithe le gnó an CCP a dhéanamh. Feictear go mbeidh cruinnithe rialta ag an CCP ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana. Tá béim na gcruinnithe poiblí ar phóilíneacht ghinearálta agus ar chomhoibriú a fháil ón bpobal le cosc a chur ar an gcoireacht (Treoirlínte CCP, mar a leasaíodh 2014, Alt 7). Glacfaidh an CCP cinneadh maidir le cruinniú poiblí a thionól. Ba chóir go mbeadh ionaid éagsúla i gceist do chruinnithe poiblí, leis na cruinnithe fógraithe go poiblí agus soláthar déanta lena chinntiú go mbíonn an chuid sin den phobal “ar deacair teacht orthu” ar an eolas maidir leis na cruinnithe.

2. Ullmhúchán Straitéiseach, Téamaí agus Cuspóirí Straitéiseacha

Ullmhaíodh an straitéis do CCP Luimnigh bunaithe ar na h-ionchuir seo a leanas:

1. Treoirlínte CCP (mar a leasaíodh 2014).
2. Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Chathair agus Chontae Luimnigh 2016-2021.

Luimnigh chuig bruachbhailte na cathrach (m.sh. isteach i gContae an Chláir) ag clúdach achair lasmuigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Féach Figiúr 2.

1.2 Plean Straitéiseach agus Creatlach Oibre Bliantúil CCP: Riachtanais

Faoi Threoirlínte an CCP, tá ar CCPanna Plean Straitéiseach Sé bliana agus Creat Oibre Bliantúil CCP a ullmhú agus ba chóir iad sin a bheith ceangailte le cuspóirí an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) 2016-2021. Tá sleachta ábhartha as Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Luimnigh 2016-2021 in Aguisín 1.

Caithfidh Creatlach Oibre Bliantúil cuspóirí ábhartha a áireamh ó Phlean(anna) Póilíneachta Bliantúil an Gharda Síochána do limistéar an údaráis áitiúil. Ba chóir go mbeadh Plean Straitéiseach agus Creatlach Oibre Bliantúil CCP nasctha le heilimintí eile de straitéisí an údaráis áitiúil nó an Gharda Síochána ar nós pleananna cóiríochta, tionscnaimh um choireacht a chosc sa limistéar, Pleananna an Tascfhórsa Drugaí agus ceisteanna eile a mheasann an CCP a bheith tábhachtach maidir le cosc a chur ar an gcoireacht, póilíneacht agus sábháilteacht an phobail ar a n-áirítear sábháilteacht ar bhóithre.

Ba chóir go mbeadh Pleananna CCP dírithe ar thorthaí. Ní mór dóibh trí chuspóir ardtosaíochta a bheith acu ar a laghad le cuspóirí agus gníomhaíochtaí liostáilte in ord tosaíochta. Tá gá le tuarascáil bhliantúil ar fhorfheidhmiú agus ar mhonatóireacht an Phlean.

1.3 Limistéar Riaracháin CCP Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Bunaíodh CCP Luimnigh do limistéar riaracháin Chathair agus Chontae Luimnigh – Féach Figiúr 1 thíos.

Figiúr 1: Dúiche Chathrach agus Ceantair Bhardasacha Luimnigh (Cathair Luimnigh Thiar, Cathair Luimnigh Thuaidh, Cathair Luimnigh Thoir)



Clúdaíonn teorainneacha Rannán an Gharda Síochána i Luimneach, laistigh de Réigiún Theas an Gharda Síochána, críocha chathair agus chontae Luimnigh. Síneann Rannán an Gharda Síochána i

1. Réamhrá

Tá ar Chomhchoiste Póilíneachta Luimnigh (CCP) Straitéis Sé Bliana agus Creatlach Oibre Bliantúil don Chomhchoiste Póilíneachta a ullmhú. Cuireann an doiciméad seo i láthair na téamaí agus na cuspóirí straitéiseacha, na príomhghníomhaíochtaí, na príomhghníomhaireachtaí agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ar an Straitéis. Sa chéad áit, leagtar amach feidhmeanna an CCP, ballraíocht, agus na riachtanais a bhaineann leis an Straitéis agus an Creatlach Oibre Bliantúil agus cur síos ar an limistéar geografach a chlúdaítear.

1.1 Feidhmeanna an Chomhchoiste Póilíneachta

Tá soláthar in Acht an Gharda Síochána (2005) (Alt 36) do bhunú Comhchoiste Póilíneachta (CCP) i ngach limistéar riaracháin údaráis áitiúil. Is í feidhm na CCPanna ná *"freastal mar fhóram do chomhairliúcháin, plé agus moltaí ar cheisteanna a bhaineann le póilíneacht i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil"*.

Aithnítear feidhmeanna áirithe i dTreoirlínte an Chomhchoiste Póilíneachta (mar a leasaíodh, 2014) mar seo a leanas:

a) Coimeád faoi athbhreithniú
   i. Leibhéil agus patrúin na coiriúlachta, na hainrialach agus na hiompraíochta fhrithshóisialta sa limistéar (ar a n-áirítear patrúin agus leibhéil mhí-úsáide alcóil agus drugaí); agus
   ii. Na cúinsí is bunchúis agus a chuireann le leibhéil na coiriúlachta, na hainrialach agus na hiompraíochta fhrithshóisialta sa limistéar;
b) Comhairle an údaráis áitiúil agus an Gharda Síochána maidir le conas is fearr a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ag tógáil ceann den ghá atá le gach rud is féidir a dhéanamh le feabhas a chur ar shábháilteacht agus caighdeán na beatha agus cosc a chur ar chóiriúlacht, ar ainriail agus ar iompraíocht fhrithshóisialta laistigh den limistéar;
c) Eagrú agus óstáil a dhéanamh ar chruinnithe poiblí maidir le ceisteanna a bhaineann le polasaí cheantar riaracháin an údaráis áitiúil;
d) Fóraim phóilíneachta áitiúla a bhunú, i gcomhar le ceannfort áitiúil an Gharda, de réir mar a cheapann an coiste sin a bheith riachtanach laistigh de limistéar chomharsanachtaí áirithe, le plé agus moltaí a dhéanamh do na coistí ar cheisteanna a bheadh le coimeád faoi athbhreithniú faoi alt (a) nó a bhfuiltear le comhairle a chur air faoi alt (b), chomh fada agus a bhaineann na ceisteanna sin lena gcomharsanacht; agus
e) Comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na bhfóram póilíneachta áitiúil faoi alt (d) nó eile.
f) Tógfaidh údarás áitiúil, agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, ceann den tábhacht a bhaineann le ceimeanna a ghlacadh le cosc a cur ar chóiriúlacht, ainriail agus iompraíocht fhrithshóisialta laistigh dá réimse freagrachta.

Is é ról an CCP ionchur a sholáthar do phleanna póilíneachta agus pleananna agus polasaithe údaráis áitiúil do limistéar riaracháin an údaráis áitiúil. Soláthraíonn CCPanna comhairle agus moltaí do na gníomhaireachtaí iomchuí. Tá freagracht ar na gníomhaireachtaí iomchuí – An Garda Síochána agus an t-údarás áitiúil – as acmhainní a chur ar fail, polasaí a bhunú (agus fodhlíthe) agus ceisteanna oibriúcháin.

GLUAIS

AGS	An Garda Síochána
CSO	An Príomh-Oifig Staidrimh
DAFM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
DHPCLG	An Roinn Tithíochta,Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
DJE	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
FETC	Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
JPC	Comhchoiste Póilíneachta
LCCC	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
LCDC	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
LECP	Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
LYS	Seirbhísí d'Aos Óg Luimnigh
PPN	Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhchoiste Póilíneachta Luimnigh

Mar Chathaoirleach ar Chomhchoiste Póilíneachta Luimnigh cuirim fáilte roimh fhoilsiú Phlean Straitéiseach Chomhchoiste Póilíneachta Luimnigh. Leagann an plean amach téamaí agus cuspóirí straitéiseacha an CCP don tréimhse sé bliana agus is cuid an-tábhachtach é maidir le feasacht a fhorbairt ar fud na cathrach agus an chontae agus i measc an phobail i gcoitinne ar an tábhacht atá le h-oibriú le chéile chun leasa gach uile dhuine.

Tá comhairliúchán, comhoibriú agus sineirgen níos fearr forbartha ag an gComhchoiste Póilíneachta ar cheisteanna coiriúlachta idir An Garda Síochána, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Ionadaithe Pobail agus Ionadaithe Tofa Aìtiúla agus Oireachtais.

Tá méid suntasach oibre agus comhairlicháin déanta maidir le forbairt an Phlean Straitéiseach 2016-2021, a bhfuil dlúth bhaint aige le cuspóirí an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 2016-2021. Táim thar a bheith sásta leis an ionchur agus leis an-gcúnamh a fuarthas ó ghníomhaireachtaí éagsúla agus ó ionadaithe an CCP agus an plean seo á ullmhú, a chuirfidh go mór leis an nglacadh a bheidh leis i measc na n-earnálacha éagsúla agus an plean á chur I bhfeidhm sna blianta atá romhainn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus leis An Garda Síochána as gcúnamh ríthábhachtach agus leis an CCP as a n-ionchur agus a dtacaíocht maidir leis an Plean a fhorbairt agus a fhaomhadh. Déanadh faomhadh ar an bPlean ag cruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta a tionóladh ar an 23ú Meitheamh 2017.

An Comhairleoir Séan Lynch
Cathaoirleach Chomhchoiste Póilíneachta Luimnigh

Comhchoiste Póilíneachta Luimnigh

Comhchoiste Póilíneachta Luimnigh Plean Straitéiseach 2016-2021

Iúil 2017